Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Iúil 2022
(OR. en)

11657/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0420(COD)**

**TRANS 515**
**CODEC 1187**
**IA 122**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 15109/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 384 final |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE **maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 384 final.

Faoi iamh: COM(2022) 384 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2022
COM(2022) 384 final

2021/0420 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) 1315/2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (TEN-T)[1] leagtar amach líonra iarnród, uiscebhealaí intíre agus nasc loingseoireachta gearrthurais atá ilmhódach agus uile-Eorpach agus atá nasctha le nóid uirbeacha, calafoirt mhuirí agus intíre, aerfoirt agus críochfoirt ar fud an Aontais. Leis an líonra, tugtar bunús láidir i dtreo na príomhbhealaí a thógáil a bhfuil gá leo chun sreabha rianúil iompair paisinéirí agus lasta a áirithiú ar fud na hEorpa agus laistigh di.

Chun cuidiú le dul i ngleic le dúshláin mhéadaitheacha na glúine seo amhail athrú aeráide agus an gá atá le hathléimneacht bhreise i mbonneagar iompair i ndiaidh éifeachtaí tubaisteacha phaindéim COVID-19, ghlac an Coimisiún togra reachtach an 14 Nollaig 2021 lena ndéantar athbhreithniú ar Rialachán TEN-T 2013[2]. I gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[3] agus cuspóirí na Straitéise Cuimsithí um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[4], is é is aidhm dó gníomhaíocht a mhéadú lena n-úsáidtear cineálacha iompair níos inbhuanaithe, agus leis an togra cuirtear béim níos mó ar ilmhódúlacht agus idir-inoibritheacht idir modhanna iompair agus nóid chomh maith le nóid uirbeacha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr in TEN-T.

Ó glacadh na treoirlínte athbhreithnithe, áfach, cuireadh athléimneacht ghréasán iompair na hEorpa chun féachana arís eile le tionchar millteanach chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. De dheasca sin, tá athrú ó bhonn tagtha ar an timpeallacht gheopholaitiúil, rud a léiríonn ár leochaileacht i leith imeachtaí suaiteacha gan choinne lasmuigh de theorainneacha an Aontais. Leis an mórthionchar a bhí aige ar mhargaí domhanda, amhail an tslándáil dhomhanda bia, léiríodh nach féidir margadh inmheánach an Aontais agus a ghréasán iompair a mheas leo féin nuair atá beartas an Aontais á fhorbairt. Tá gá le naisc níos fearr le tíortha comhpháirtíochta comharsanachta AE anois níos mó ná riamh.

I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil nua sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2022 maidir le 'Lánaí Dlúthpháirtíochta'[5], sainaithníodh roinnt dúshláin mhóra maidir le bonneagar iompair atá le sárú ag an Aontas agus a thíortha comharsanachta chun tacaíocht a thabhairt do gheilleagar agus téarnamh na hÚcráine, chun a áirithiú go sroicheann táirgí talmhaíochta agus táirgí eile margaí an Aontais agus an domhain, agus chun a áirithiú go gcuirfear go mór le nascacht leis an Eoraip le haghaidh allmhairí agus onnmhairí araon. Chun nascacht mhéadaithe leis an Aontas a chur ar fáil, moladh sa Teachtaireacht thuas measúnú a dhéanamh ar leathnú na gConairí Iompair Eorpacha mar bheart amháin.

Tá an réamhobair chun na conairí sin a leathnú ullmhaithe cheana féin ag an gCoimisiún a ghlac léarscáileanna táscacha athbhreithnithe le haghaidh an ghréasáin Thras-Eorpaigh iompair san Úcráin an 14 Iúil 2022, mar chuid de bheartas an Choimisiúin maidir le TEN-T a leathnú chuig tíortha comharsanachta[6]. Is é is cuspóir do léarscáileanna breisithe TEN-T sin go gcuirtear caighdeáin TEN-T i bhfeidhm ar ghréasáin tríú tíortha freisin ionas go bhféadfaidh naisc shaoráideacha a bheith ann. Mar sin, cuirtear bonn fónta ar fáil freisin le haghaidh infheistíochtaí eachtracha sna tíortha sin i gcomhréir le cuspóirí Eorpacha.

---

[1] IO L 348, 20.12.2013, lch. 1
[2] COM(2021) 812 final
[3] COM(2019) 640 final
[4] COM(2020) 789 final
[5] COM(2022) 217 final
[6] C(2022)5056 final

Saincheist eile is ea na leithid rianta iarnróid éagsúla a úsáidtear san Úcráin agus i bhformhór an Aontais a chuirtear isteach go mór ar idir-inoibritheacht iarnróid. Ní mór táirgí a onnmhairítear ón Úcráin d'iarnród a thrasloingsiú gar do theorainneacha an Aontais toisc nach féidir le traenacha atá i gcúrsaíocht ar ghréasáin na hÚcráine a bheith i gcúrsaíocht ar leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Le saincheist na hidir-inoibritheachta sin mar gheall ar leithid rianta éagsúla, léiríodh leochaileacht an ghréasáin iarnróid laistigh de chríoch an Aontais, toisc go bhfuil gréasán iarnróid ag roinnt Ballstát a bhfuil leithead rianta ainmniúil aige atá bunoscionn leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach. Níor tugadh aghaidh ar an saincheist sin sa togra reachtach lena ndéantar athbhreithniú ar Rialachán TEN-T an 14 Nollaig 2021, ach is léir gur fadhb í nach mór dul i ngleic léi tar éis na forbartha san Úcráin le déanaí.

Thairis sin, leis an gComhaontú Glas don Eoraip, iarrtar cuid mhór den 75 % de lasta intíre a iompraítear de bhóthar faoi láthair a iompar d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre. Tá tionchar diúltach ag an am agus na costais is gá le haghaidh trasloingsithe ar iomaíochas iarnróid, áfach, rud atá ina dhúshlán don chuspóir sin. Dá dtiocfadh méadú ollmhór ar mhéideanna a iompraítear d'iarnród, chruthófaí scrogaill thromchúiseacha ag na teorannacha mar a léirítear dúinn ag teorannacha na hÚcráine sa lá atá inniu ann, agus dá bhrí sin, chuirfí comhlíonadh an chuspóra sin i mbaol.

Síneann gréasán TEN-T go dtí roinnt tríú tíortha comharsanachta, go háirithe an Rúis agus an Bhealarúis. Tá an gréasán sin mar bhonn de chomhar idir an tAontas agus tríú tíortha i réimse an bhonneagair, lena n-áirítear naisc thrasteorann leis an Aontas a fheabhsú. I bhfianaise chogadh foghach na Rúise san Úcráin, agus an seasamh a ghlac an Bhealarúis sa choinbhleacht sin, meastar nach iomchuí a thuilleadh an comhar sin leis an Rúis agus an Bhealarúis, agus ní chun leas an Aontais é ach oiread.

De thoradh sin, is é is aidhm don togra seo na hathruithe seo a leanas a thabhairt isteach maidir leis an togra reachtach ón 14 Nollaig 2021:

- Mar fhreagairt láithreach ar an ngníomhaíocht iarrtha a cuireadh in iúl sa Teachtaireacht maidir le 'Lánaí Dlúthpháirtíochta', beartaítear ceithre Chonair Iompair Eorpacha chuig an Úcráin agus chuig Poblacht na Moldóive a leathnú, rud atá bunaithe ar léarscáileanna táscacha an chroíghréasáin sa dá thír sin. Baineann sé sin go háirithe le Conair na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt a leathnú trí Lviv agus Cív chuig Mariupol, Conair Mhuir Bhailt-na Mara Duibhe-na Mara Aeigéiche a leathnú chuig Odesa trí Lviv agus trí Císineá chomh maith le Conair Mhuir Bhailt-na Mara Aeigéiche agus Conair na Réine-na Danóibe a leathnú chuig Lviv. Tá sé intuigthe as leathnuithe conairí den chineál sin go leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le togra mhí na Nollag seo caite.
- I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, níl sé bailí ná inmhianaithe a thuilleadh díriú ar an ngréasán tras-Eorpach iompair sa Rúis agus sa Bhealarúis ná é a leathnú. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe na léarscáileanna táscacha den ghréasán tras-Eorpach iompair sa Rúis agus sa Bhealarúis a bhaint d'Iarscríbhinn IV. I gcás aistriú chuig an daonlathas sa Bhealarúis, áfach, bheadh sé ina ardtosaíocht naisc thrasteorann na tíre leis an Aontas a thógáil agus a fheabhsú i gcomhréir leis an bplean cuimsitheach le haghaidh na Bealarúise daonlathaí, lena n-áirítear tríd an tír a athchuimsiú sa Rialachán.
- Dá réir sin, níl sé ina ardtosaíocht a thuilleadh naisc thrasteorann chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis a fheabhsú ar chríoch Bhallstáit an Aontais. Tá naisc ann faoi láthair ón bhFionlainn, ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón bPolainn chuig an dá thríú tír sin. Chun a léiriú gur lú an tosaíocht atá ann naisc 'an mhíle deiridh' sin a

thógáil agus a fheabhsú, tá sé beartaithe míle deiridh na nasc trasteorann uile atá ar an gcroíghréasán faoi láthair a íosghrádú chuig an ngréasán cuimsitheach nach bhforáiltear ina leith ach spriocdháta chur chun feidhme níos déanaí de 2050. Dá réir sin, beidh oiriúnú beag ar ailíniú na gConairí Iompair Eorpacha mar thoradh air sin. Tá sé intuigthe as na hathruithe sin go leasaítear Iarscríbhinní I agus III.

- Tar éis ghlacadh léarscáileanna táscacha ghréasán TEN-T san Úcráin (COM(2022)5056 final), tá sé beartaithe na léarscáileanna gaolmhara in Iarscríbhinn IV a ionadú.
- Ar deireadh, tá gréasán iarnróid ag roinnt Ballstát a bhfuil leithead rianta ainmniúil aige atá bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Is iad Éire (leithead 1 600 mm), an Fhionlainn (leithead 1 524 mm), an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin (leithead 1 520 mm) agus an Phortaingéil agus an Spáinn (leithead 1 668 mm) na tíortha lena mbaineann. De bharr na n-éagsúlachtaí sin i leithead rianta iarnróid tá teorainn shuntasach ar idir-inoibritheacht iarnróid ar fud an Aontais mar a léiríodh leis an ngéarchéim atá ann faoi láthair san Úcráin agus na fadhbanna atá aici gráin a onnmhairiú d'iarnród mar gheall ar an leithead rianta éagsúil atá aici. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go gcuirfidh gach Ballstát a bhfuil nasc iarnróid talún aige le Ballstáit eile ceanglas a chur isteach línte iarnróid TEN-T iomlán nua a fhorbairt le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm agus plean aistrithe a fhorbairt freisin i dtreo an leithid rianta ainmniúil caighdeánaigh Eorpaigh sin le haghaidh na línte uile atá ann cheana sna Conairí Iompair Eorpacha. Ba cheart é sin a léiriú i gceanglais bhonneagair TEN-T, go háirithe i Roinn 1 (bonneagair iarnróid) de Chaibidil III.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Mar phríomhcholún de bheartas an AE maidir le bonneagar iompair, feidhmíonn Rialachán TEN-T mar chumasóir agus braitheann sé freisin ar bheartais chomhlántacha. Tá baint dhíreach ag na caighdeáin agus na ceanglais a leagtar síos i Rialachán TEN-T leis na cuspóirí agus na riachtanais ábhartha in earnálacha/réimsí eile iompair agus, dá bhrí sin, le píosaí reachtaíochta níos sainiúla ó thaobh earnála de. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nach mór do bhonneagar iarnróid TEN-T – chun iompar agus soghluaisteacht trasteorann gan uaim a áirithiú – an reachtaíocht idir-inoibritheachta a leagtar síos sa bheartas iarnróid a chomhlíonadh. Mar sin, na hathruithe uile a thugtar ar aghaidh sa togra seo maidir leis an aistriú chuig leithead rianta ainmniúla caighdeánach Eorpach, tá siad go hiomlán comhsheasmhach leis an reachtaíocht iarnróid atá ann cheana.

A mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar na léarscáileanna, tá siad sin go hiomlán i gcomhréir agus comhsheasmhach leis na bearta a tugadh ar aghaidh i dTeachtaireacht ón gCoimisiún ón 12 Bealtaine 2022 maidir le 'Lánaí Dlúthpháirtíochta' (COM(2022) 217 final).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le bearta eile de chuid an Aontais freisin, amhail reachtaíocht earnála maidir le hiarnród, go háirithe an dá Rialachán seo a leanas:

Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'bonneagair' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh a bhfuil feidhm aige maidir le cineálacha éagsúla leithead rianta;

Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais 'rialú-ordú agus comharthaíocht' an

chórais iarnróid a bhfuil feidhm aige maidir le gréasáin a bhfuil leithid rianta 1 435 mm, 1 520 mm, 1 524 mm, 1 600 mm agus 1 668 mm acu. Ní bheidh feidhm aige, áfach, maidir le línte gearra trasnaithe teorann a bhfuil leithid rianta 1 520 mm acu atá nasctha leis an ngréasán de thríú tíortha.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (Airteagail 170-172) an bunús dlí do na leasuithe atá beartaithe ar an togra reachtach le haghaidh Rialachán TEN-T athbhreithnithe (COM(2021) 812 final), conradh lena sonraítear bunú agus forbairt gréasán tras-Eorpach i réimsí bhonneagair an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Faoi CFAE, is é is cuspóir do na gréasáin thras-Eorpacha é a chur ar chumas do shaoránaigh an Aontais, d'oibreoirí eacnamaíocha agus do phobail réigiúnacha tairbhe iomlán a bhaint as limistéar gan teorainneacha inmheánacha. Cuirfidh na gréasáin san áireamh freisin an gá atá le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú agus a fhorbairt chomhchuí i gcoitinne a chur chun cinn. Dá bhrí sin, is beartas é beartas TEN-T a shíneann thar theorainneacha na mBallstát ós rud é go bhfuil sé dírithe ar scéim ghréasáin Eorpaigh aonair thar theorainneacha. Is léir nach féidir le Ballstát amháin gréasán uile-Eorpach den sórt sin a bhunú ina aonar.

Ar an gcaoi chéanna, bíonn nasc feabhsaithe idir gréasán iompair an Aontais agus tríú tíortha comharsanachta amhail an Úcráin agus Poblacht na Moldóive níos éifeachtaí má chuirtear chun feidhme é ar leibhéal an Aontais seachas ar bhonn indibhidiúil ar an leibhéal náisiúnta. Go deimhin, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht a rinneadh ar Rialachán (AE) 1315/2013 maidir le treoirlínte chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt SWD(2021) 117 final)[7] gur spreagadh breisluach suntasach le comhar TEN-T le tríú tíortha, mar cheann de na réimsí a tugadh isteach in 2013, rud nach bhféadfaí a bhaint amach dá mbeadh na Ballstáit ag gníomhú ina n-aonar.

Is amhlaidh atá an cás maidir le freagairt an Aontais do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear níos lú tosaíochta a thabhairt do naisc iompair leis an Rúis agus leis an mBealarúis. Chuige sin, tá gá le cur chuige comhordaithe ar fud an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra leasaithe seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a ghnóthú. Déantar foráil maidir le hoiriúnú na léarscáileanna atá i gceangal leis an togra seo lena leagtar amach an gréasán iompair tras-Eorpach laistigh den Aontas Eorpach, agus maidir le hoiriúnú na léarscáileanna táscacha i dtríú tíortha comharsanachta freisin.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe é a chur d'oibleagáid ar na Ballstáit aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach 1 435 mm gach uair a thógtar líne iarnróid nua. Bhí an oibleagáid sin ann cheana, ach díolmhaíodh gréasáin iargúlta ón gceanglas sin, i.e. gréasáin a bhfuil a leithead rianta bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Maidir leis an gceanglas a bhaineann le ranna atá fós le tógáil, ní spreagtar aon chostas breise, seachas maidir le hanailís agus réiteach ar an gcaoi ar féidir línte iarnróid nua den sórt sin ag a bhfuil leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm a nascadh

---

[7] Meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 maidir le Treoirlínte an Aontais chun gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, SWD (2021) 117 final an 26 Bealtaine 2021

go héifeachtach leis an gcuid eile den ghréasán náisiúnta a d’fhéadfadh leithead rianta éagsúil a bheith aige.

Áirítear sa togra freisin oibleagáid ar na Ballstáit línte iarnróid atá ann cheana sna Conairí Iompair Eorpacha a aistriú. Tá corrlach breithmheasa ag na Ballstáit, áfach, chun cinneadh a dhéanamh maidir le huainiú aistrithe den sórt sin ar an gcéad dul síos agus, ar an dara dul síos chun a chinneadh más gá nach bhfuil údar leis an aistriú bunaithe ar mheasúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch le haghaidh línte áirithe.

Ar deireadh, áirítear sa togra seo íosghrádú na mílte deiridh de ranna trasteorann leis an Rúis agus leis an mBealarúis. Ní bhaineann an t-íosghrádú sin ach le ranna atá an-teoranta ó thaobh raon feidhme geografach de (na ‘mílte deiridh’). Ní chiallaíonn an t-íosghrádú go mbaintear na ranna bóthair nó iarnróid sin de ghréasán TEN-T, ach go mbeidh tosaíocht níos lú ag an míle deiridh chuig an teorainn i gcomhthéacs na hamlíne cur chun feidhme, i.e. ní chuirtear d’oibleagáid ar na Ballstáit iad a chríochnú faoi 2030, ach amháin faoi 2050. Tá sé sin go hiomlán i gcomhréir le pleananna náisiúnta agus cláir náisiúnta na mBallstát lena mbaineann toisc nach bhfuil sé beartaithe acu cistiú agus maoiniú a infheistiú i naisc na míle deiridh sin sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é gur togra é seo chun togra reachtach a leasú lena ndearnadh athbhreithniú ar rialachán atá ann cheana, dealraíonn sé go bhfuil sé dlisteanach stádas na hionstraime mar atá sé a choinneáil.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa mheastóireacht a rinneadh ar Rialachán TEN-T (SWD(2021) 117 final), rinneadh anailís ar chomhair TEN-T le tíortha comharsanachta agus tríú tíortha trí ghréasán iompair tras-Eorpach táscach a bhunú. Thángthas ar an gconclúid inti gur cuidíodh le pointe thagartha a thabhairt do chomhar ar fhorbairt bhonneagair iompair a phleanáil sna tíortha sin, d’fhonn leanúnachas a ráthú agus nascacht iompair an Aontais a chothú leis na léarscáileanna táscacha sin. Ba leas coiteann láidir iad na léarscáileanna sin maidir le naisc straitéiseacha iompair ilmhódaigh idir an tAontas agus na réigiúin chomharsanachta lena mbaineann agus le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus malartú eacnamaíoch a chur chun cinn.

Tá na léarscáileanna táscacha bunaithe ar an modheolaíocht chéanna le modheolaíocht TEN-T laistigh den Aontas agus cumhdaítear leo sraitheanna na gcroígréasán agus na ngréasán cuimsitheach. Cé nach dtugtar le tuiscint go huathoibríoch leis na leathnuithe gréasán táscacha sin gur éigeantach infheidhmeacht chaighdeáin agus cheanglais TEN-T uile a socraíodh le haghaidh Bhallstáit an Aontais, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur chuidigh siad le scaipeadh mhodheolaíocht an Aontais le haghaidh imscaradh bonneagair iompair agus le haghaidh chur chun cinn chaighdeáin theicniúla, ghnéithe rialaitheacha agus dhea-chleachtais an Aontais i dtéarmaí maoiniúcháin. Thairis sin, dhírigh siad institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, foinsí maoiniúcháin ábhartha an Aontais agus infheisteoirí náisiúnta agus príobháideacha ar an áit ar cheart dóibh a gcistiú agus a ngníomhaíochtaí a dhíriú sna réigiúin sin. Beidh na gnéithe sin uile níos tábhachtaí fós chun cuidiú le próiseas téarnaimh agus atógála na hÚcráine agus na tíre comharsanachta atá aici, Poblacht na Moldóive.

Thairis sin, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur iomchuí an comhar tríú tíortha maidir le beartas TEN-T toisc go gcuirtear ardchaighdeáin Eorpacha chomhshaoil agus shóisialta chun cinn leis chomh maith le hinbhuanaitheacht airgeadais ar chonairí talún a chur chun cinn. Is iomchuí comhghníomhaíochtaí pleanála gréasáin le tíortha comharsanachta, rud as a dtagann leathnuithe TEN-T táscacha, toisc go socraítear creat láidir leo le haghaidh infheistíocht chomhchruinnithe i mbonneagar iompair a fhaigheann tacaíocht ó fhoinsí an Aontais agus ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta domhanda. Luadh sa mheastóireacht freisin go dtugtar le fios le forbairtí idirnáisiúnta (amhail dul chun cinn sa chaibidlíocht aontachais agus síniú an Chonartha um an gComhphobal Iompair le haghaidh Réigiún na mBalcán Thiar) gur ábhartha fós an cur chuige sin i dtreo fhíseanna 2030/2050 agus go bhféadfaí iad a leathnú tuilleadh. Tá an méid sin níos bailí fós i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil nua. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh leathnú na gConairí Iompair Eorpacha chuig an Úcráin agus chuig Poblacht na Moldóive mar a airítear sa togra leasaithe faoi láthair a bheith ina uirlis an-luachmhar chun cuidiú leis na tíortha sin ina bpróiseas téarnaimh agus atógála.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 29 Meitheamh 2022, reáchtáladh cruinniú idirinstitiúideach agus ní hamháin go raibh 27 mBallstát an Aontais ar fad ann ach bhí ionadaithe ardleibhéil ón Úcráin, ó Phoblacht na Moldóive agus ón tSeoirsia ann freisin. Tugadh aghaidh sa chruinniú ar an gceist maidir lena bhfuil i gceist leis an réaltacht gheopholaitiúil nua sin i leith chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le beartas TEN-T go sonrach, agus maidir le beartas iompair an Aontais ar bhonn níos leithne, agus conas ar cheart TEN-T a oiriúnú don chomhthéacs geopholaitiúil nua sin agus conas is féidir é sin a bhaint amach. Tugadh ionchur tábhachtach don togra leasaithe seo leis an bplé sin.

Ina theannta sin, cruinnithe déthaobhacha le gach ceann de 27 mBallstát an Aontais, faoi chathaoirleacht Uachtaránachtaí na Fraince agus na Seicia, a reáchtáladh an 8 agus an 10 Meitheamh 2022, úsáideadh na cruinnithe sin chun na hathruithe atá beartaithe ar an togra leasaithe seo a phlé, go háirithe aistriú línte a bhfuil leithead rianta acu atá bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm agus íosghrádú naisc na míle deiridh de ranna bóthair agus iarnróid an chroíghréasáin chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis.

Ar deireadh, d'fhoilsigh an Coimisiún Glao ar fhianaise ar a shuíomh gréasáin lena ndéantar tuairisc ar na fadhbanna nach mór dul i ngleic leo, ar na cuspóirí atá le comhlíonadh agus ar na dréachtbhearta beartais. Bhí an Glao ar fhianaise ar oscailt le haghaidh aiseolais ón 6 Iúil 2022 go dtí an 20 Iúil 2022. Cláraíodh 22 fhreagra, lena dtugtar tacaíocht do na bearta atá beartaithe. Is iad seo a leanas na príomhbharúlacha a bhí ann:

- Leis na bearta atá beartaithe, cuideofar le feabhsú nasc iarnróid leis an Úcráin agus leis an Moldóiv trí na conairí iompair Eorpacha a leathnú. Déanfar nascacht na hÚcráine agus na Moldóive leis an Aontas a fheabhsú leis na bearta sin, go háirithe le haghaidh lasta iompair, agus mar sin cuideofar le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le cuspóirí na Straitéise Cuimsithí um an tSoghluaisteacht.
- Beidh gá le ceanglais theicniúla, rialaitheacha agus riaracháin a chomhlíonadh chun na Conairí Iompair Eorpacha a leathnú chuig an Úcráin agus chuig an Moldóiv.
- Beidh infheistíochtaí suntasacha de dhíth ar a lán nasc iarnróid san Úcráin agus idir an Úcráin agus an tAontas. Tá gá le críochfoirt agus saoráidí trasloingsithe a thógáil freisin.

- Agus na conairí breisithe á gcur chur feidhme, ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar naisc bhóthair (mótarbhealaí) idir an Rómáin, an Mholdóiv agus an Úcráin a fheabhsú.
- Tá ardacmhainneacht i dtaca le hearraí a onnmhairiú agus a allmhairiúcháin idir an Úcráin agus an tAontas ag baint le habhann na Danóibe.
- Beidh gá le hinfheistíochtaí an-suntasacha chun naisc idir an Úcráin agus an Mholdóiv a fheabhsú agus chun bonneagar iompair a nuachóiriú agus a atógáil. Bheadh gá le méadú ar bhuiséad an Aontais atá tiomnaithe do chur i gcrích ghréasán TEN-T.
- Tá sé fíor-riachtanach línte leithid rianta ainmniúil caighdeánaigh Eorpaigh a úsáid idir an Úcráin/an Mholdóiv agus an tAontas agus san Aontas féin chun idir-inoibritheacht iarnróid a fheabhsú. Leis sin, méadófar éifeachtúlacht iarnróid, go háirithe trí am feithimh ag pointí trasnaithe teorann a laghdú. Is gá measúnú cúramach a dhéanamh ar thionchar na húsáide sin, áfach, go háirithe ar an tionchar maidir le maoiniú agus maidir le hidir-inoibritheacht leis an ngréasán atá feistithe le leithead rianta éagsúil.

I bhfreagra amháin ar an nGlao ar fhianaise, léirítear ábhair imní maidir le habhann Dnipro a chuimsiú i ngréasán TEN-T. Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh cuimsiú abhann Dnipro i ngréasán TEN-T mar ábhar nós imeachta ar leith agus glacadh é le gníomh tarmligthe ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022. Ní dhéantar sa togra atá ann faoi láthair ach léarscáileanna TEN-T a áirítear sa ghníomh tarmligthe thuasluaite a atáirgeadh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhraith an Coimisiún go príomha ar chonclúidí sheisiún idirinstitiúideach Bhallstáit an Aontais, le rannpháirtíocht na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia, agus ar na malartuithe déthaobhacha le gach Ballstát, le haghaidh an togra leasaithe seo.

- **Measúnú tionchair**

Meastar nach bhfuil gá le measúnú tionchair nua thar an gceann atá mar bhonn taca leis an togra reachtach tosaigh an 14 Nollaig 2021[8] toisc nár athraíodh na príomhchuspóirí ná na roghanna tosaíochta, agus toisc nár cheart éagsúlacht shuntasach a bheith idir tionchair eacnamaíocha, tionchair chomhshaoil agus tionchair shóisialta an téacs atá beartaithe agus tionchair théarmaí an togra tosaigh lena raibh coinneIna theannta sin, cuireadh na sreabha iompair ó thríú tíortha san áireamh sa mheasúnú tionchair ar an togra tosaigh, ach ar bhealach stílithe amháin, agus níor cuireadh ailínithe beachta ghréasáin tháscacha na dtríú tíortha comharsanachta san áireamh. Ós rud é go modhnaítear go príomha léarscáileanna na dtríú tíortha comharsanachta agus naisc na mílte deiridh i dtreo na dtíortha sin ar chríoch an Aontais leis an togra seo, níor cheart tionchar a bheith aige ar thorthaí an mheasúnaithe tionchair tosaigh.

Maidir leis na forálacha nua chun an t-aistriú chuig an leithead rianta iarnróid ainmniúil Eorpach a chothú, ní bhaineann an togra seo ach le hathrú teoranta ar an gceanglas faoin togra reachtach atá ann faoi láthair, lena ndéantar foráil maidir le línte iarnróid nua ar TEN-T (i.e. na línte atá fós le tógáil ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin), chun aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach nua 1 435 mm. Leis an togra reachtach ó mhí na Nollag 2021, díolmhaítear línte iarnróid nua ón bhforáil sin ‘inar leathnú ar ghréasán atá sa líne nua ag a bhfuil a leithead rianta bunoscionn le leithead rianta na bpríomhlínte iarnróid san Aontas Eorpach agus ar líne í atá scoite ó na príomhlínte iarnróid sin’. Níl an ceanglas sin an-soiléir

[8] SWD(2021) 472 final

agus tá sé d'aidhm ag an togra atá ann faoi láthair ciall a bhaint as ar bhealach níos soiléire, agus thar aon ní eile tá sé d'aidhm aige a chinntiú nach ndíolmhaítear go huathoibríoch na 'gréasáin iargúlta', mar a thugtar orthu, ón gceanglas sin i.e. gréasáin a bhfuil a leithead rianta bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm.

Ar aon chuma, ní bhaineann an ceanglas foirmiúil sin ach le línte iarnróid nua. Níl éagsúlacht ann i bprionsabal idir na costais a bhaineann le líne iarnróid nua a thógáil ag a bhfuil leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm agus na costais a bhaineann le línte ag a bhfuil leithead rianta éagsúil. Dá bhrí sin, níor cheart aon éagsúlacht mhór a bheith ann idir tionchair eacnamaíocha an bhirt sin i gcomparáid leis an measúnú tionchair tosaigh.

Tá gréasán iarnróid ag roinnt Ballstát faoi láthair ag a bhfuil leithid rianta éagsúla. Leis an teicneolaíocht is déanaí, is féidir a bheith ag feidhmiú ar leithid rianta éagsúla le traenacha an bhfuil leithid inathraithe acu. Teicneolaíocht eile chun déileáil le leithid rianta éagsúla ar ghréasán is ea an tríú ráille ar rianta bonneagair, mar a thugtar air, rud a ligeann do chineálacha éagsúla traenacha a bheith i gcúrsaíocht ar an mbonneagar. Tá an Spáinn ag déanamh forbartha, mar shampla, ar ghréasán ardluais ag a bhfuil an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach, gréasán traidisiúnta ag a bhfuil an leithead Ibéarach agus leithead méadrach i roinnt nód uirbeacha. Cé go mbaineann costas breise leis sin, tá an teicneolaíocht ann dá bhrí sin chun a áirithiú go mbeidh tionchar teoranta ag aistriú línte iarnróid chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach ar an gcóras iarnróid agus níor cheart go gcuirfí isteach ar thrácht iarnróid. Leis an méid a rinneadh sa Spáinn, léirítear freisin go spreagtar an t-aistriú ar chodanna eile den ghréasán nuair a chuirtear tús leis an bpróiseas línte áirithe ag a bhfuil an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach a aistriú. Agus tús á chur leis an aistriú ar príomhlínte iarnróid ghréasán TEN-T, spreagfar dinimic dhearfach.

Ar an taobh eile, tá foráil sa togra leasaithe lena n-iarrtar ar na Ballstáit a bhfuil gréasán iarnróid acu atá bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm plean aistrithe a fhorbairt le haistriú chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach maidir leis na línte atá ann cheana sna Conairí Iompair Eorpacha. Beidh measúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch sa phlean aistrithe. Dhéanfaí anailís ar na tionchair eacnamaíocha agus sóisialta mar chuid den phlean aistrithe sin mar sin. Dá mbeadh measúnú costais is tairbhe diúltach mar thoradh ar an anailís sin, is féidir leis na Ballstáit staonadh ó chodanna áirithe dá ngréasán a aistriú chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach.

Ar an iomlán, meastar go mbeidh éifeachtaí dearfacha agus tionchair dhearfacha ag an aistriú chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach. Thar aon ní eile, tá sé d'aidhm aige idir-inoibritheacht iompair iarnróid níos fearr a bhaint amach ar fud an Aontais agus leis na tríú tíortha comharsanachta. Mar shampla, léiríodh tionchair eacnamaíocha diúltacha leithid rianta neamh-chomhchuibhithe san Aontas leis an gá atá ann táirgí talmhaíochta a onnmhairiú ón Úcráin chuig calafoirt Eorpacha tar éis imshuí na Rúise ar chalafoirt na hÚcráine sa Mhuir Dhubh. Chun calafort Klaipėda sa Liotuáin a bhaint amach, tá gá le grán a iompraítear ar thraenacha na hÚcráine a thrasloingsiú ag an teorainn idir an Pholainn agus an Úcráin (ar thraenacha a bhfuil leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm acu), agus iad a thrasloingsiú arís ag an teorainn idir an Pholainn agus an Liotuáin (ar thraenacha ag a bhfuil leithead rianta 1 520). Bíonn costais iompair mhéadaithe agus caillteanas ama ar thoradh air sin agus mar sin, is sampla nithiúil é de na hiarmhairtí a bhaineann le heaspa idir-inoibritheachta ar chóras iarnróid an Aontais mar gheall ar leithid rianta éagsúla. De dheasca an easpa idir-inoibritheachta sin cuirtear isteach go mór ar an gcomhlántacht idir modhanna iompair, go háirithe i gcás géarchéime, amhail an t-imshuí ar chalafoirt na hÚcráine a bhfuil a iarmhairtí ag cur na slándála domhanda bia i mbaol. Thairis sin, na costais chomhshaoil a bhaineann leis na mílte trucailí atá ag trasnú na teorann idir an Fhrainc agus Leithinis na

hIbéire, nó idir an Pholainn agus na Stáit Bhaltacha, nó le déanaí freisin idir an Úcráin agus an Pholainn, is é is cúis leo, i bpáirt, easpa idir-inoibritheachta an ghréasáin iarnróid sin.

Seachas na saincheisteanna idir-inoibritheachta, tá imní curtha in iúl ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir leis an easpa comórtais idir na gréasáin iarnróid náisiúnta áirithe mar gheall ar na héagsúlachtaí idir leithid rianta. Mar shampla, i tuarascáil CIE maidir le hiompar lastas iarnróid a foilsíodh in 2016[9], luadh nach srian teicniúil amháin é an easpa leithid rianta caighdeánaigh san Aontas le haghaidh oibríochtaí traenach, rud a chuireann isteach ar idir-inoibritheacht. Go deimhin, cuirtear isteach ar dhinimic an chomórtais idir oibreoirí margaidh nuair atá leithid rianta iarnróid éagsúla laistigh de thír amháin nó laistigh den Aontas. D'fheadfadh sé go gcuirfí isteach ar theacht isteach oibreoirí nua trí theorainn a chur ar idir-inoibritheacht rothstoic agus ar mhéid na barainneachta scála a d'fheadfaí a bhaint amach le margadh oscailte. Thairis sin, méadaítear minicíocht na mbacainní eile ar dhul isteach sa mhargadh, rud a laghdaíonn an soláthar monaróirí rothstoic atá ar fáil agus a mhéadaíonn costais chothabhála.

Cuirtear isteach ar an rogha rothstoc Eorpach a fháil ar cíos ar mhaithe le línte traidisiúnta a fheidhmiú le húsáid leithid rianta atá bunoscionn leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ar iontrálaithe nua dul san iomaíocht ar línte leithid rianta eile trí rothstoc oiriúnach a cheannach. Ós rud é gur margadh náisiúnta é an margadh chun an t-ábhar sin a tháirgeadh, d'fheadfadh sé go mbeadh costais níos airde a bheith mar thoradh air sin mar gheall ar easpa comórtas idirnáisiúnta ina tháirgeadh.

Dá bhrí sin, má chuirtear an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach in úsáid, cuirfear le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Le hoscailt an mhargaidh, mar aon le gréasán iarnróid d'ardchaighdeán a fhorbairt (ERTMS, fad traenach 740 m, leictriú, etc.) atá idir-inoibritheach go hiomlán, cuirfear le gníomhaíocht iompair d'iarnród a mhéadú trí chostais bhonneagair agus costas rothstoic a laghdú. Éascófar teacht chun cinn iontrálaithe nua ar an margadh, agus margadh rothstoic atá idir-inoibritheach ar an ngréasán ar fad.

Sa deireadh, tá sé d'aidhm ag an bplean aistrithe aistriú rianúil a áirithiú. Tá teicneolaíochtaí ar fáil lena n-áirithítear nach gcuirfear isteach ar an ngréasán, idir leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach agus na gréasáin náisiúnta atá ann cheana. Ba cheart na teicneolaíochtaí sin a mheas mar aistriú, áfach, ós rud é go bhfuil sé mar chuspóir fadtéarmach gréasán Eorpach aontaithe a chruthú. Le córas hibrideach san fhadtéarma, leanfaí leis an gcás mar atá faoi láthair lena gcruthaítear, anuas ar fhadhbanna idir-inoibritheachta, ualach ar theacht chun cinn iomaitheoirí margaidh nua nach bhfuil aon rogha eile acu seachas rothstoc áirithe a cheannach do na línte leithid rianta ainmniúil caighdeánaigh neamh-Eorpaigh.

Go gairid, de dheasca na gcostas breise a thagann as an easpa idir-inoibritheachta, níl trácht d'iarnród iomaíoch. I gcás géarchéime, ní áirithítear an acmhainneacht modh iompair amháin a ionadú le modh eile, agus mar sin cuirtear dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i mbaol.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Bhí an togra bunaidh mar chuid de Chlár Oibre an Choimisiúin 2021 faoi Iarscríbhinn I (tionscnaimh nua) agus níor cuid é d'Iarscríbhinn II (tionscnaimh REFIT).

Leis an togra leasaithe cuirtear feabhas ar fheidhmiú bheartas iarnróid TEN-T trí aghaidh a thabhairt ar shaincheist na hidir-inoibritheachta a bhaineann le leithid rianta éagsúla ar ghréasán TEN-T.

---

[9] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (2016): Tuarascáil speisialta uimh. 08/2016: Rail freight transport in the EU: still not on the right track [Iompar lastas iarnróid san Aontas Eorpach: fós ar seachrán].

- **Cearta bunúsacha**

Trí cheanglas aonfhoirmeach a leagan síos le haghaidh leithid rianta iarnróid ar ghréasán TEN-T, leis an togra leasaithe neartófar inrochtaineacht ar ghréasán iarnróid TEN-T do na húsáideoirí ar fad.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí eile ag an togra leasaithe seo ar bhuiséad an Aontais i gcomparáid leo siúd a léirítear cheana féin sa togra reachtach bunaidh an 14 Nollaig 2021.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Mar a leagtar amach sa togra tosaigh ó mhí na Nollag 2021, déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar dhul chun cinn, tionchar agus torthaí an tionscnaimh seo trí shraith ionstraimí rialachais, bunaithe ar rialachas TEN-T, amhail ról neartaithe na gComhordaitheoirí Eorpacha agus a bpleananna oibre.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann athruithe (1) go (5) le haithrisí nua a chur isteach lena dtabharfar aghaidh ar an ngné agus ar an gcomhthéacs geopholaitiúil nua a mbeidh ar TEN-T dul i ngleic leo agus aghaidh a thabhairt orthu.

Tugtar isteach athruithe (6) go (9) chun béim níos láidre a chur ar an ngá atá le haistriú chuig leithead rianta iarnróid ainmniúil Eorpach, go háirithe maidir leis na línte iarnróid nua uile atá le tógáil go fóill ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ach a mhéid a bhaineann le plean aistrithe fónta le haghaidh ranna iarnróid atá ann cheana ar na Conairí Iompair Eorpacha freisin.

Le hathrú (10), cuirtear cás áirithe na hÉireann san áireamh, atá scoite ó aon chóras iarnróid Eorpach mar gheall ar a staid oileánach agus mar sin, a bheidh díolmhaithe ó cheanglais leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm.

Áirítear le hathruithe (11) go (14) na hathruithe ar fad a bhaineann leis na léarscáileanna atá i gceangal a ghabhann le Rialachán TEN-T, go háirithe léarscáileanna na Bealarúise agus na Rúise a bhaint, léarscáileanna táscacha nua na hÚcráine a glacadh a chur isteach, na mílte deiridh de na ranna trasteorann iarnróid agus bóthair uile go dtí an Rúis agus an Bhealarúis a íosghrádú ó chroíghréasán do ghréasán cuimsitheach agus leathnú na gConairí Iompair Eorpacha isteach san Úcráin agus i bPoblacht na Moldóive.

- **Athruithe i gcomparáid leis an togra reachtach bunaidh (COM(2021) 812 final)**

Is iad seo a leanas na hathruithe a dhéantar sa togra seo, i gcomparáid le ceann an 14 Nollaig 2021 (COM(2021) 812 final):

**<u>AITHRISÍ</u>**

(1) Cuirtear isteach an aithris 39 nua seo a leanas:

*'(39)' Tá dúshlán roimh athléimneacht an ghréasáin iompair Eorpaigh agus cuireadh chun féachana é le tionchar millteanach chogadh foghach na Rúise i*

*gcoinne na hÚcráine. De dheasca an fhogha sin, tá athrú ó bhonn tagtha ar an timpeallacht gheopholaitiúil, rud a léiríonn leochaileacht an Aontais i leith imeachtaí suaiteacha gan choinne lasmuigh de theorainneacha an Aontais. Leis an mórthionchar a bhí aige ar mhargaí domhanda, amhail an tslándáil dhomhanda bia, léiríodh nach féidir margadh inmheánach an Aontais agus a ghréasán iompair a mheas leo féin nuair atá beartas an Aontais á fhorbairt. Tá gá le naisc níos fearr le tíortha comhpháirtíochta comharsanachta an Aontais anois níos mó ná riamh.'*

(2) Cuirtear isteach an aithris 40 nua seo a leanas:

*'(40) I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil nua sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2022 maidir leis na 'Lánaí Dlúthpháirtíochta'*[10]*, sainaithnítear roinnt dúshláin mhóra maidir le bonneagar iompair atá le sárú ag an Aontas agus a thíortha comharsanachta chun tacaíocht a thabhairt do gheilleagar agus téarnamh na hÚcráine, chun a áirithiú go sroicheann táirgí talmhaíochta agus táirgí eile margaí an Aontais agus an domhain, agus chun a áirithiú go gcuirfear go mór le nascacht leis an Aontas maidir le hallmhairí agus onnmhairí araon. Chun nascacht mhéadaithe leis an Aontas a chur ar fáil, moladh sa Teachtaireacht sin measúnú a dhéanamh ar leathnú na gConairí Iompair Eorpacha isteach san Úcráin agus i bPoblacht na Moldóive'.*

(3) Cuirtear isteach an aithris 41 nua seo a leanas:

*(41) Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus an seasamh arna ghlacadh ag an mBealarúis sa choinbhleacht sin, níl comhar idir an tAontas agus an Bhealarúis i réimse bheartas TEN-T iomchuí ná níl sé chun leasa an Aontais. Da bhrí sin, ba cheart deireadh a chur le gréasán TEN-T sa dá thríú tír. Dá thoradh sin, níl sé ina ardtosaíocht a thuilleadh naisc thrasteorann chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis a fheabhsú ar chríoch na mBallstát. Tá naisc ann faoi láthair idir an Fhionlainn, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn agus an dá thríú tír sin. Chun a léiriú gur lú an tosaíocht atá ann na naisc sin a thógáil agus a fheabhsú, ba cheart mílte deiridh na nasc trasteorann uile leis an Rúis agus leis an mBealarúis atá ar an gcroíghréasán faoi láthair a íosghrádú ón gcroíghréasán chuig an ngréasán cuimsitheach nach bhforáiltear ina leith ach spriocdháta chur chun feidhme níos déanaí de 2050. I gcás aistriú chuig an daonlathas sa Bhealarúis, áfach, bheadh sé ina ardtosaíocht naisc thrasteorann na tíre leis an Aontas a thógáil agus a fheabhsú i gcomhréir leis an bplean cuimsitheach le haghaidh na Bealarúise daonlathaí, lena n-áirítear tríd an tír a athchuimsiú sa Rialachán.'*

(4) Cuirtear isteach an aithris 42 nua seo a leanas:

*(42) Leis an gcomhthéacs geopholaitiúil nua léiríodh a thábhachtaí atá naisc iompair shaoráideacha laistigh de chríoch an Aontais agus le tríú tíortha comharsanachta. Cuirtear isteach go mór ar idir-inoibritheacht na ngréasán iarnróid ar fud an Aontais le leithead rianta iarnróid atá bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm agus tá tionchar aige fiú ar iomaíochas na ngréasán iarnróid iargúlta sin. Dá bhrí sin, níor cheart línte iarnróid nua a thógáil ach amháin le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit ag a bhfuil gréasán leithid rianta éagsúil measúnú a dhéanamh ar aistriú na línte atá ann cheana sna Conairí Iompair Eorpacha. Níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir le hÉirinn toisc*

[10] COM(2022) 217 final

*go bhfuil a gréasán iompair, mar gheall ar a staid oileánach, scartha go hiomlán ó aon nasc cois talún ar chríoch an Aontais.'*

(5) Athuimhrítear aithris 39 agus na haithrisí uile ina dhiaidh sin mar aithris 43 agus na huimhreacha ina dhiaidh sin;

**<u>CAIBIDIL III: FORÁLACHA SONRACHA</u>**

<u>Roinn 1: Bonneagar iompair d'iarnród</u>

(6) in Airteagal 15 (Ceanglais maidir le bonneagar iompair don ghréasán cuimsitheach), tugtar isteach na hathruithe seo a leanas:

(a) i mír 2, scriostar pointe (b).

(b) i mír 2, athuimhrítear pointí (c), (d) agus (e) mar phointí (b), (c) agus (d).

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

*'díolmhaítear gréasáin iargúlta ó na ceanglais faoi mhír 2, pointí (a) go (d)';*

(7) in Airteagal 16 (Ceanglais maidir le bonneagar iompair don chroíghréasán agus don chroíghréasán breisithe), tugtar isteach na hathruithe seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

*'go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (a) go (d), agus an luas líne íosta oibríochta 100 km/u atá i bhfeidhm i gcás na dtraenacha lasta ar línte lasta an chroíghréasáin bhreisithe';*

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

*'go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (a), ar línte paisinéirí an chroíghréasáin bhreisithe';*

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

*'go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (a), (b) agus (c), agus an luas líne íosta oibríochta 100 km/u atá i bhfeidhm i gcás traenacha lasta ar línte lasta an chroíghréasáin';*

(d) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

*'go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (a), ar línte paisinéirí an chroíghréasáin bhreisithe';*

(e) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

*'go gcomhlíonann sé ceanglas Airteagal 15(2), pointe (d), ar na línte lasta ar an gcroíghréasán';*

(f) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

*'go gcomhlíonann sé ceanglas phointe (b) de mhír 2, ar línte paisinéirí an chroíghréasáin';*

(8) cuirtear isteach an tAirteagal 16a seo a leanas:

*'Airteagal 16a*

***Leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach le haghaidh iarnróid***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar foráil maidir le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm le haon bhonneagar iarnróid nua den ghréasán cuimsitheach, den ghréasán breisithe agus den chroíghréasán, lena n-airítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d). Tá an ceangal sin le comhlíonadh nuair atá traenacha leithid rianta 1 435 mm in ann a bheith i gcúrsaíocht ar an mbonneagar. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn bonneagar nua iarnróid aon bhonneagar nach bhfuil tús curtha le hoibreacha tógála ina leith ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Na Ballstáit a bhfuil gréasán iarnróid acu, nó cuid de ghréasán iarnróid, a bhfuil leithead rianta aige atá bunoscionn le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm, tarraingeoidh siad suas, dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, plean aistrithe na línte iarnróid atá ann cheana sna Conairí Iompair Eorpacha le haistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Déanfar plean aistrithe den sórt sin a chomhordú leis na Ballstáit comharsanachta a mbaineann an t-aistriú leo.

3. Féadfaidh na Ballstáit na línte iarnróid nach n-aistreofar iad chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm a shainaithint sa phlean aistrithe. Beidh measúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch sa phlean aistrithe lena dtabharfar údar leis an gcinneadh gan na línte iarnróid a aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm agus beidh measúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht ann freisin.

4. Beidh na tosaíochtaí i gcomhar pleanáil bonneagair agus infheistíochta a bhaineann leis an bplean aistrithe sa chéad phlean oibre de chuid an Chomhordaitheora Eorpaigh le haghaidh Conair Iompair Eorpach a bhfuil línte iarnróid lasta ag a bhfuil leithead rianta atá bunoscionn leis an leithead rianta ainmniúil caighdeánach mar chuid de, i gcomhréir le hAirteagal 53.';

(9) in Airteagal 19 (Tosaíochtaí le haghaidh fhorbairt an bhonneagair iarnróid), tugtar isteach na hathruithe seo a leanas:

(a) cuirtear an pointe (a) mar a leanas leis:

*'(a) an t-aistriú chuig an leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach (1 435 mm)';*

(b) athuimhrítear pointí (a) go (g) mar phointí (b) go (h).;

**CAIBIDIL VI: FORÁLACHA COITEANNA**

(10) cuirtear an dara fomhír seo a leanas le hAirteagal 63(Díolúintí):

*'Ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 16a maidir le hÉirinn.';*

**IARSCRÍBHINN I**

(11) cuirtear na codanna in IARSCRÍBHINN I, codanna 1 go 6, a ghabhann leis an togra leasaithe seo in ionad na léarscáileanna a léirítear in IARSCRÍBHINN I – CUID 1/23, CUID 2/23, CUID 3/23, CUID 4/23, CUID 5/23, CUID 14/23, CUID agus CUID 15/23 a ghabhann le COM(2021) 812 final, mar a leanas:

*(a) cuirtear IARSCRÍBHINN I – CUID 1/6 in ionad IARSCRÍBHINN I – CUID 1/23;*

*(b) cuirtear IARSCRÍBHINN I – CUID 1/6 in ionad IARSCRÍBHINN I – CUID 2/23;*

*(c) cuirtear IARSCRÍBHINN I – CUID 2/6 in ionad IARSCRÍBHINN I – CUID 3/23;*

*(d) cuirtear IARSCRÍBHINN I – CUID 3/6 in ionad IARSCRÍBHINN I – CUID 4/23;*

*(e) cuirtear IARSCRÍBHINN I – CUID 4/6 in ionad IARSCRÍBHINN I – CUID 5/23;*

*(f) cuirtear IARSCRÍBHINN I – CUID 5/6 in ionad IARSCRÍBHINN I – CUID 14/23;*

*(g) cuirtear IARSCRÍBHINN I – CUID 6/6 in ionad IARSCRÍBHINN I – CUID 15/23.;*

**IARSCRÍBHINN III**

(12) cuirtear na léarscáileanna in IARSCRÍBHINN II, codanna 1 go 8, a ghabhann leis an togra leasaithe seo in ionad na léarscáileanna a léirítear in IARSCRÍBHINN III – CUID 1/14, CUID 4/14, CUID 5/14, CUID 6/14, CUID 7/14, CUID 8/14, CUID 9/14, CUID 10/14, CUID 13/14 agus CUID 14/14 a ghabhann le COM(2021) 812 final, mar a leanas:

*(a) cuirtear IARSCRÍBHINN II – CUID 1/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 1/14;*

*(b) cuirtear an dara léarscáil, IARSCRÍBHINN II – CUID 1/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 4/14, an dara léarscáil;*

*(c) cuirtear IARSCRÍBHINN II – CUID 2/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 5/14;*

*(d) cuirtear IARSCRÍBHINN II – CUID 3/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 6/14;*

*(e) cuirtear IARSCRÍBHINN II – CUID 4/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 7/14;*

*(f) cuirtear IARSCRÍBHINN II – CUID 5/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 8/14;*

*(g) cuirtear IARSCRÍBHINN II – CUID 6/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 9/14;*

*(h) cuirtear an chéad léarscáil d'IARSCRÍBHINN II – CUID 7/8 in ionad na chéad léarscáile d'IARSCRÍBHINN III – CUID 10/14;*

*(i) cuirtear an dara léarscáil d'IARSCRÍBHINN II – CUID 7/8 in ionad an dara léarscáil d'IARSCRÍBHINN III – CUID 13/14;*

*(j) cuirtear IARSCRÍBHINN II – CUID 8/8 in ionad IARSCRÍBHINN III – CUID 14/14.;*

**IARSCRÍBHINN IV**

(13) cuirtear na léarscáileanna in IARSCRÍBHINN III, codanna 1 agus 2, a ghabhann leis an togra leasaithe seo in ionad léarscáileanna IARSCRÍBHINN IV – CUID 1/12 agus CUID 8/12 a ghabhann le COM(2021) 812 final.

(14) scriostar léarscáileanna IARSCRÍBHINN IV – CUID 12/12 a ghabhann le COM(2021) 812 final.